II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) 2020/213 ÓN GCOMHAIRLE

an 17 Feabhra 2020

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 314/2004 maidir le bearta sriantacha áirithe i leith na Siombáibe

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2020/215 ón gComhairle an 17 Feabhra 2020 lena leasaítear Cinneadh 2011/101/CBES maidir le bearta sriantacha áirithe i gcoinne na Siombáibe ([1]),

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 314/2004 ón gComhairle ([2]), tugtar éifeacht do roinnt beart dá bhforáiltear le Cinneadh 2011/101/CBES ón gComhairle ([3]), lena n-áirítear reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintiteas agus comhlachtaíáirithe.

(2) An 17 Feabhra 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/215 lenar leasaíodh teideal Chinneadh 2011/101/CBES ón gComhairle agus lenar cuireadh ar fionraí na bearta sriantacha maidir le haon duine amháin.

(3) Ba cheart, Rialachán (CE) Uimh. 314/2004 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 314/2004 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:
"Rialachán (CE) Uimh. 314/2004 ón gComhairle maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiombáib".

(2) cuirtear an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn IV.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Feabhra 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES

([1]) Féach leathanach 4 den Iris Oifigiúil seo.
([2]) Rialachán (CE) Uimh. 314/2004 ón gComhairle an 19 Feabhra 2004 maidir le bearta sriantacha áirithe i leith na Siombáibe (IO L 55, 24.2.2004, lch. 1).
([3]) Cinneadh 2011/101/CBES ón gComhairle an 15 Feabhra 2011 maidir le bearta sriantacha i gcoinne na Siombáibe (IO L 42, 16.2.2011, lch. 6).

IARSCRÍBHINN

"IARSCRÍBHINN IV

LIOSTA NA NDAOINE DÁ DTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 6(4)

Daoine

	Ainm (agus aon ailias)
3.	Chiwenga, Constantine
4.	Shiri, Perence (dá ngairtear freisin Bigboy) Samson Chikerema
5.	Sibanda, Phillip Valerio (dá ngairtear freisin Valentine)
6.	Mugabe, Grace."